

# SIAMSÁN SA MBAILE!

## An Ghráinneog

Tá an Siamsán sa mBaile bunaithe ar na téamaí atá faoi chaibidil ar Cúla4 ar Scoil. 'Bia' téama na seachtaine seo!

Gníomhaíocht í seo don teaghlach, iarrtar ar thuismitheoirí na hiarratais a sheoladh. Ní bheifear ag glacadh le ríomhphoist ó dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Déan Gráinneog as torthaí.

Nuair a bheidh tú críochnaithe is féidir pictiúr de a sheoladh chuig: [eolas@tuismitheoiri.ie](mailto:eolas@tuismitheoiri.ie)

Roghnófar buaiteoir ar an 25 Meitheamh mar sin bíodh na freagraí againn roimh a 5.00 in an lá sin. Go n-éirí libh!

**An Duais:** Deis ar dhearbhan dod' rogha gnó Gaeltachta/Gaelach.

## An Ghráinneog

Bain triail as gráinneog a dhéanamh ag úsáid torthaí.

### Ábhar:

- Piorra
- Fíonchaora
- Fraochán gorm
- 2 clóbh
- Cipíní fiacla
- Scian ghéar

1. Faigh piorra agus gearr slisne ar thaobh amháin den píosa ciorclach (bun an phiorra), ionas go mbeidh an ghráinneog in ann suí ar an mbord.
2. Ón ngas (barr an phiorra), bain an craiceann den phiorra siar leath bealaigh, chun éadan na gráinneoige a chruthú.
3. Faigh an fraochán gorm agus greamaigh den ghas é, seo é srón na gráinneoige.
4. Déan súile as an dá chlóbh, cuir na píosaí fada isteach sa chuid den phiorra nach bhfuil aon craiceann air, is cionn srón na gráinneoige.
5. Faigh fíonchaor agus cuir an cipín tríd, bíodh an fíonchaor leath bealaigh síos an chipín.
6. Nuair a bheidh sé sin déanta, sáigh an cipín isteach sa chuid den phiorra a bhfuil an craiceann air. Seo iad spící na gráinneoige. Coinnigh ort á dhéanamh seo go dtí go mbeidh 'colainn' na gráinneoige clúdaithe nó nach mbeidh aon pháosa de chraiceann an phiorra le feiceáil.

# 'TIOCFAIMID SLÁN'

Ainm an pháiste:

Aois:

Ainm an tuismitheora:

Seoladh baile:

Seoladh ríomhphoist:

Buaiteoirí na nduaiseanna: Foilseofar liosta na mbuaiteoirí i Nuachtlitir Thuismitheoirí na Gaeltachta gach Céadaoin agus ar na meáin shóisialta ina dhiaidh sin. Beidh ainm (gan sloinne) & aois an pháiste agus an ceantar arb as dóibh (ní bheidh an seoladh iomlán) á bhfoilsiú agus beidh teagmháil ríomhphoist á dhéanamh le tuismitheoirí le seoltaí srl a dheimhniú. D'fhéadfadh go bhfoilseofaí pictiúr nó ábhar ealaíne iarrthóirí faoin gcóras céanna seo freisin. Ní gá pictiúr nó taifead den bpáiste féin a bheith mar chuid den iarratas. Seolfar na duaiseanna amach sa phost nuair a bheidh deireadh leis na srianta pobail. Scríosfar na sonraí ar fad nuair a thiocfaidh deireadh leis an gcomórtas.



Tuismitheoirí  
na Gaeltachta

Tuairisc.ie



An Roinn Cultúir,  
Oidhreacht agus Gaeltachta  
Department of Culture,  
Heritage and the Gaeltacht

Údarás na Gaeltachta